Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Cruinniú Bord Bainistíochta 13ú Bealtaine 2019

DALTAÍ:

Tá na scrúduithe praiticiúla thart anois agus súil ag na daltaí ar na scrúduithe stáit scríofa.
Bhí turas go Daingean Uí Chúis do Chomórtas Labhairt na Gaoluinne.
D'eagraigh na múinteoirí Gaeilge roinnt mhaith gníomhaíochtaí do Sheachtain na Gaeilge, idir tráth na gceist, céilí agus tháinig Bernard Ó Cathasaigh, greannadóir chun ceardlann a dhéanamh. C, G, K, V.
Bhí turas go Tráth na gCeist i gCorcaigh ag 4 ó bhliain 3. G.
Thosaigh na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB).
Chuaigh grúpa Gnó bliain a cúig go dtí an Ghaillimh chun páirt a ghlachadh i gClár na gComhlachtaí náisiúnta. Níor éirigh leo ar an lá ach bhí seoladh a leabhar san Ionad Cultúrtha gus táid á dhíol gan stad. Moladh tuillte ag Iníon Ní Chéilleachair agus Lenneke Willems as an obair atá déanta acu leo.
Bhí Lá Spraoi iontach againn chun cuid den strus a bhaint agus tugadh cuireadh do gach dalta sa scoil bheith páirteach. Buíoch as go háirithe le Máistir Ó Duinnín as a chuid oibre ar an togra. Buíochas le Comhairle na dTuismitheoirí as an uachtar reoite a sholáthar. K, L, N, G, V.
Tháinig Rosaí Ní Chárthaigh an Oifigeach Pleanála Teanga, ó Mise Múscraí, chun físeán a thaifead agus bhí an scoil uile páirteach.
Tháinig Máire Ní Chéilleachair, buaiteoir Corn Uí Riada, isteach agus rinne sí ceardlann le bl.1. R
Bhí scata daltaí ó bhliain 5 páirteach i gcomórtas Ceimice san ollscoil i gCorcaigh. D
Bhuaigh daltaí bl.1 comórtas Ceimcie, "Salters" i UCC. D
Bhí turas comórtas labhairt na Gaoluinne go Trá na hÍnse ag bl. 1b. K, N, A.

IDIRBHLIAIN:

Bhí agus tá an Idirbhliain thar a bheith broidiúil mar is gnáth.

Turas Gaisce. S, W

Tá an seachtain eile taithí oibre déanta acu. M, T, S.

Chuaigh 4 acu go dtí an tSín agus múinteoir leo. V

Thosnaíodar ag obair leis na mBailte Slachtmhara.

Bhí turas Tíreolaíochta acu chuig Ionad Bogach, Trá Lí. G.

Bhí turas acu go BAC chun duais a bhailiú ón bfhondúireacht, Make-A-Wish. L

Bhí turas Gnó go dtí an banc i Maighchromtha. R

Bhí turas deireadh na bliana acu go Amsterdam, agus sár-eispéaras acu ann. S, W, F.

SPÓRT:

Tuairisc aontaithe curtha ar fáil d'fhoireann na scoile agus tuismitheoirí/caomhnóirí:

Lean an cispheil ar aghaidh ach níor éirigh le aon foireann Craobh an Chontae a bhaint amach. C, F, U, T.
Bhí blitz cispheile ag cailínín bl. 1 i Maighchromtha. T.
Bhí blitz peile ag buachaillí bl. 1. W
Bhí blitz camógaíochta ag na cailíní fé16.5. G
Bhuaigh na cailíní Craobh na Mumhan sa pheil (sinsear) agus tá Craobh an Chontae fé 16 le teacht. Tá ceiliúradh beartaithe don Fhómhair. G, N.

TUISMITHEOIRÍ:

Tá Siúlóid Spraoí don Chlann (tiomsaitheoir airgid chun iPadanna a cheannach) – Dé Domhnaigh 19ú Bealtaine eagraithe ag an Idirbhliain i dteannta le Comhairle na dTusimitheoirí bailiúchán éadaí agus táimid thar a bheith buíoch as an dtacaíocht a thugann siad dúinn.

MÚINTEOIRÍ:

Tá beirt ag staidéar go páirt-aimseartha. G, T.

Comhghairdeas le Mandy Ní Chéilleachair atá ceapaithe ina Comhordaitheoir Cláracha, Idirbhliain agus CGAT.